

FUIREAMHAIN CHARRAIG A' MHEACAIN

Tá na Fuireamhain ó thuaidh de Charraig a' Mheacain. Tá duirling mhór i mullach chaon cheann acab, clocha geala nach bhfuil tada a' fas orthab. Téidheann faoi leis an rabharta, ach go mbíonn an mhaoim i gcomhnaidhe orthab. Nuair a bhíos trághadh mhór ann ní bheidh ann ach go mbeidh átha idir iad nuair a bhéas ceanna slat agus cabhairleach agus chuile rud tirim. Sórt feamainne duibhe ann, cosa cruadha. Ag bun na feamainne duibhe sin fásann creathach. Bíonn diúilicíní ar na leacracha.

Bhí fear in Aird Mhór, Seán Ó Donnchadha. Bhí sé a' guil ag iasgach cnúdán lá. Thug sé a bhean leis sa mbád agus fear eile, Síomán Ó Mongáin. Bairbre Ní Chuirrín, Bairbre Labhráis, a bhí ar an mbean. Chuir Seán amach an bheirt ar na Fuireamhain le ghul ag iarraidh creathnaghe. Chuaidh sé féin amach ar an gcaoláire ag iasgach cnúdán. Nuair a bhí an chreathnach bainte acab agus nuair a chonaic siad an tuile a' tigheacht thugadar leob an chreathnach go barr na duirlinge, duirling an Fhuireamhain. Thosuigh Síomán Ó Mongáin a' déanamh leachta cloch go seasadh an bheirt air.

Bhí an tuile a' tigheacht orthab. Chonnaiceadar bád a' guil aníos ó Cheann Gúlaim agus chonaic an bád iad. Paits Ó Móngáin a bhí sa mbád agus bhí fhios aige gur i ngéibheann a bhí an bheirt. Tháinig sé chuca agus chaith sé téad chucu. Ní fhéadfadh sé an bád a leigint ar an duirling. Tháinig Bairbre amach ar an téad agus agus chaith sé an téad aríst chuig Síomán go dtáinig seisean amach. Thug sé go Cill Chiaráin iad agus chuir sé i dtír iad.

Seán Ó Donnchadha a bhí ag iasgach cnúdán rinne sé dearmad orthab. Ní tháinig sé go mbeadh a sgéal imighthe. Nuair a tháinig sé ní raibh aon amharc ar aon duirling nó ar thada. Bhí siad faoi. Shíl sé go raibh a bhean agus Síomán báidhte. Ach nuair nár thainig sé chucab chuir Dia fear eile chucab. Nuair a tháinig Seán Ó Donnchadha abhaile bhíodar istigh roimhe.

13/12/32

Tháinig Pádraic Ó Flaithearta isteach chugainn anois díreach:

"Nuair a bhéas mise cho sean leat-sa, a Mhicilín, beidh daoine a' teacht anuas as Baile Atha Cliath a' fiafruighe díom-sa 'a' raibh aithne agat ar Mhicilín Pháidín? Cén sort duine a bhí ann?"